RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1948 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Samhain 2021

maidir leis an tslí a ndéileáiltear le haisíocaíochtaí CBL le daoine neamh-inchánach agus le daoine cánach de bharr a ngníomhaíochtaí díolmhaithe chun críocha Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh (Rialachán OIN) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 1999/622/CE, Euratom ón gCoimisiún agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 116/2005 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh agus lena n-aisghairtear Treoir 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle (Rialachán OIN) ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tslí a ndéileáiltear le haisíocaíochtaí CBL ar cheann de na saincheisteanna a shainítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2147 ón gCoimisiún ([2]) ar an liosta saincheisteanna chun iontaofacht, uileghabhálacht agus inchomparáideacht na sonraí maidir leis an ollioncam náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh ("OIN") a áirithiú, ar sonraí iad a dtabharfar aghaidh orthu i ngach timthriall fíorúcháin.

(2) Chun go mbeidh sonraí maidir le OIN iontaofa, uileghabhálach agus inchomparáide, ní mór soiléiriú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar an tslí a ndéileáiltear le haisíocaíochtaí CBL le daoine neamh-inchánach agus le daoine inchánach de bharr a ngníomhaíochtaí díolmhaithe.

(3) Ba cheart comhiomláin OIN agus a gcomhpháirteanna a bheith inchomparáide ar fud na mBallstát agus ba cheart dóibh sainmhínithe ábhartha agus rialacha cuntasaíochta ábhartha maidir leis an gcóras cuntas Eorpach 2010 ("CCE 2010") a chomhlíonadh ([3]).

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 1999/622/CE, Euratom ón gCoimisiún ([4]) agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 116/2005 ón gCoimisiún ([5]) a aisghairm.

(5) I dTreoir 2006/112/CE ón gComhairle ([6]), baintear úsáid as coincheapa an duine inchánach, an duine neamh-inchánach agus na ngníomhaíochtaí díolmhaithe, ar coincheapa iad ba cheart a úsáid chun críocha an ghnímh seo freisin.

(6) Ní shonraítear go sainráite in CCE 2010 an tslí a ndéileáiltear le haisíocaíochtaí CBL le daoine neamh-inchánach agus le daoine inchánach de bharr a ngníomhaíochtaí díolmhaithe.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/516,

([1]) IO L 91, 29.3.2019, lch. 19.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2147 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta saincheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu i ngach timthriall fíorúcháin a shainiú (IO L 428, 18.12.2020, lch. 9).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).

([4]) Cinneadh 1999/622/CE, Euratom ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 1999 maidir leis an tslí a ndéileáiltear le haisíocaíochtaí CBL le haonaid neamh-inchánach agus le haonaid inchánach de bharr a ngníomhaíochtaí díolmhaithe, chun Treoir 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle maidir le tiomsú na holltáirgeachta náisiúnta a chomhchuibhiú ag praghsanna an mhargaidh a chur chun feidhme (IO L 245, 17.9.1999, p. 51).

([5]) Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 116/2005 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2005 maidir leis an tslí a ndéileáiltear le haisíocaíochtaí CBL le daoine neamh-inchánach agus le daoine inchánach de bharr a ngníomhaíochtaí díolmhaithe, chun críocha Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh (IO L 24, 27.1.2005, lch. 6).

([6]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir le comhchóras na cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Agus comhiomláin na gcuntas náisiúnta á dtiomsú chun críocha Rialachán (AE) 2019/516, déileálfar le haisíocaíochtaí ar CBL a thabhaítear ar cheannacháin, aisíocaíochtaí a thabharfar do dhaoine neamh-inchánach nó do dhaoine inchánach de bharr a ngníomhaíochtaí díolmhaithe, sa tslí chéanna in CCE 2010 agus le haistrithe reatha (D.7) nó le haistrithe caipitil eile (D.9) agus ní amhail agus dá mba CBL in-asbhainte atá iontu.

2. Chun críocha mhír 1, is í an chiall a bheidh ag an téarma "duine inchánach" an chiall a thugtar dó in Airteagail 9 go 13 de Threoir 2006/112/CE, agus tuigfear gurb é atá i gceist leis na "gníomhaíochtaí díolmhaithe" na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagail 132 go 137 den Treoir sin.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh 1999/622/CE, Euratom agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 116/2005.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN